# CREATIVE IRELAND
# DÚN LAOGHAIRE – RATHDOWN

# DÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN
# ÉIRE ILDÁNACH

Culture and Creativity Plan 2017

*Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017*

**creative.ireland.ie**

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022

# Creative Ireland Dún Laoghaire-Rathdown

# *Dún Laoghaire-Ráth an Dúin Éire Ildánach*

## Contents
ÁBHAR


| | | |
|---|---|---|
| Foreword | 4 | Réamhrá |
| The Creative Ireland Programme | 6 | Clár Éire Ildánach |
| The Culture Team in Dún Laoghaire-Rathdown | 9 | Foireann Éire Ildánach i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| Implementation | 12 | Cur i bhfeidhm |
| Projects for 2017 | 13 | Tionscadail do 2017 |
| Promotional Events 2017 | 18 | Imeachtaí Poiblíochta 2017 |


dlr
Comhairle Contae County Council


FIRST EDITION | AN CHÉAD EAGRÁN

# Foreword
## RÉAMHRÁ

**'A Council that shapes a better future for our County and all its communities.'**

Dún Laoghaire-Rathdown County Council

Dún Laoghaire-Rathdown County is a unique and culturally rich part of Ireland. It is home to a vibrant creative community including many writers, artists, performers and people who are active in their community in arts, creative activities and culture. This enhances the quality of life, wellbeing and character of the place. There is also a diverse range of community based cultural activity in local youth groups, active retirement groups and other organisations throughout the county.

Cultural provision in the County is well defined and developed. The Council works with residents, businesses, community groups and the voluntary sector to drive quality of life for all. This is a key goal in the County Council's Corporate Plan. Creating new ways for the public to engage with cultural provision and exploring experimental learning contributes to the vision of:

*'a smart vibrant County which is attractive, inclusive and accessible, and a Council which shapes a better future for our county and all its communities.'*

*'Comhairle go múnlaíonn todhchaí níos fearr dár gContae agus dár bpobail go léir.'*

Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth Dúin

Cuid uathúil, saibhir d'Éirinn ó thaobh cultúir de is ea Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá pobal cruthaitheach bríomhar ann lena n-áirítear go leor scríbhneoirí, ealaíontóirí, taibheoirí agus daoine atá gníomhach ina bpobal sna healaíona, i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus i gcultúr. Feabhsaíonn sé sin cáilíocht na beatha, folláine agus carachtar na háite. Bíonn réimse leathan gníomhaíochtaí cultúrtha ar siúl i measc an phobail i measc grúpaí óige áitiúla, i ngrúpaí gníomhaíochta lucht scoir agus in eagraíochtaí eile ar fud an Chontae chomh maith.

Tá soláthar cultúrtha sa Chontae dea-shainithe agus dea-fhorbartha. Oibríonn an Chomhairle i gcomhar le cónaitheoirí, gnóthais, grúpaí pobail agus an earnáil dheonach chun cáilíocht na beatha a fheabhsú do chách. Is sprioc lárnach is ea é sin i bPlean Corparáideach na Comhairle Contae. Trí bhealaí nua a chruthú le go bhféadfaidh an pobal a bheith rannpháirteach i soláthar cultúrtha agus iniúchadh turgnamhach a dhéanamh ar fhoghlaim tacaíonn siad leis an bhfís maidir le:

*'Contae cliste bríomhar a bheith againn a atá tarraingteach, cuimsitheach agus inrochtana, agus Comhairle a mhúnlaíonn todhchaí níos fearr dár gcontae agus dá phobail uile.'*

Dún Laoghaire-Rathdown County Council fully embraces the ambitions of the Creative Ireland Programme, the Government's Legacy Programme for Ireland 2016. A creative life is full of new possibilities, discoveries, exploration, experimentation, self-expression and invention.

Work has commenced on the Dún Laoghaire-Rathdown Cultural Plan for 2018- 2022 for delivery in the Autumn. The implementation of this plan will see the Council work with all the key stakeholders to sustain and grow cultural provision within the county for the benefit of all.

Dún Laoghaire-Rathdown County Council welcomes the opportunity of working with the Creative Ireland Programme in exploring the potential for making Ireland a better place to live – for all of us.

**Cllr. Cormac Devlin,**
*An Cathaoirleach*

**Philomena Poole,**
*Chief Executive*

Glacann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go hiomlán leis na huaillmhianta atá i gClár Éire Ildánach, Clár Oidhreachta an Rialtais d'Éirinn 2016. Má bhíonn saol cruthaitheach ag duine bíonn an saol sin lán d'fhéidearthachtaí nua, d'fhionnachtana, de thaiscéalaíocht, de thurgnamh, d'fhéinléiriú agus d'airgeadh.

Tá tús curtha le hobair ar Phlean Cultúrtha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin don tréimhse 2018- 2022 atá le cur ar fáil san Fhómhar. Oibreoidh an Chomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir le cur i bhfeidhm an phlean seo chun soláthar cultúrtha sa chontae a chothú agus a mhéadú ar mhaithe le gach aon duine.

Cuireann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin fáilte roimh an deis a bheith ag obair leis an gClár Éire Ildánach maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun áit níos fearr le cónaí inti a dhéanamh d'Éirinn - ar mhaithe linn ar fad.

**An Cmlr. Cormac Devlin,**
*An Cathaoirleach*

**Philomena Poole,**
*Príomhfheidhmeannach*

# Creative Ireland Programme

## CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

Creative Ireland is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, *Culture 2025 – Éire Ildánach* which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Is é an Clár Éire Ildánach Clár Oidhreachta an Rialtais d'Éirinn 2016. Tionscnamh cúig bliana, ó 2017 go 2022, is ea é trína gcuirfear an chruthaitheacht i gcroílár beartais phoiblí. Tionscnamh ardleibhéil, uaillmhianach, uile-rialtais is ea é chun go mbeidh cruthaitheacht ina gné lárnach de shaol an náisiúin sa chaoi go bhféadfaimid le chéile agus mar dhaoine aonair, ár n-acmhainn chruthaitheach iomlán a bhaint amach inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí.

Clár bunaithe ar chultúr is ea an Clár Éire Ildánach atá leagtha amach chun leas an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is é an bunphrionsabal ar a bhfuil sé tógtha ná má ghlactar páirt i ngníomhaíocht chultúrtha go gcuireann sé sin dlús faoi chruthaitheacht phearsanta agus cruthaitheacht na sochaí agus go mbíonn impleachtaí móra aige maidir le folláine agus gnóthachtáil an duine aonair agus na sochaí.

Lena chois sin is í Éire Ildánach an príomhbhealach chun na tosaíochtaí a chur chun cinn a aithníodh i gcáipéis bheartais an Rialtais, *Culture 2025 - Éire Ildánach* inar tugadh le fios gur gné lárnach de Stát na hÉireann iad na healaíona agus cultúr agus inar admhaíodh an gá atá le rochtain ar na healaíona agus rannpháirtíocht iontu a mhéadú, borradh a chur faoinár dtionscail chruthaitheacha, agus ár n-oidhreacht a chaomhnú agus béim ar leith a leagadh ar theanga, ar thírdhreach agus ar an gcomhshaol.

Tá an clár bunaithe ar thrí théama, féiniúlachta, cultúr agus saoránacht. Is iad Comhoibriú agus Cumarsáid, Cumhachtú Pobail, agus Idirnáisiúnú na príomhphrionsabail oibriúcháin.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – *Enabling Creativity in Every Community.* This devolution of responsibility for Creative Ireland to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916.

This Plan sets out the beginning of Dún Laoghaire-Rathdown's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing.

Quality of life and cultural experience at a local level are key priorities of Dún Laoghaire-Rathdown County Council as highlighted in *the Corporate Plan 2015-2019.*

Since 1994 Dún Laoghaire-Rathdown County Council has taken pride in developing and supporting the Arts. The County is seen as a destination for many artists and writers and their contribution to the wellbeing and quality of life in the County is acknowledged. Over the last 22 years the Council has commissioned and produced an exciting range of festivals, exhibitions, residencies, school projects and public art programmes to grow and sustain local arts development.

Tá ról ríthábhachtach ag Údaráis Áitiúla maidir le clár iomlán Éire Ildánach a chur ar fáil agus tá sainordú eisiach tugtha dóibh chun Colún 2 den chlár - *An Chruthaitheacht a Chumasú i nGach Pobal* a sholáthar trína bhfoirne cultúir. Rinneadh an cinneadh chun freagracht as Éire Ildánach a tharchuir chuig na húdaráis áitiúla de bharr thionchar neamhghnách na dtionscadal comhoibríoch a ndearna na húdaráis áitiúla comhordú orthu chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain 1916.

Leagtar amach sa Phlean ag an tosach chuid Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin sa turas cúig bliana sin, tionscnamh fíorthábhachtach maidir le polasaí náisiúnta atá dírithe ar chultúr agus ar fholláine.

Tugann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tús áite do cháilíochta na beatha agus d'eispéiris chultúrtha ar an leibhéal áitiúil faoi mar a sonraíodh sa Phlean *Corparáideach 2015-2019.*

Cúis bhróid do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an chaoi ar fhorbair agus ar chothaigh siad na hEalaíona ó 1994 i leith. Meastar go coitianta go bhfuil an contae mar cheann scríbe ag ealaíontóirí agus ag scríbhneoirí agus aithnítear an chaoi a gcuireann siad le folláine agus cáilíocht na beatha sa chontae. Le 22 bliain anuas rinne an Chomhairle coimisiúnú agus léiriú ar réimse spreagúil de chláir ealaíne poiblí, d'fhéilte, de thaispeántais, de chónaitheacht agus de thionscadail scoile chun borradh a chur faoi na healaíona áitiúla agus iad a choinneáil ar siúl.

The delivery of the award winning dlr LexIcon, the most significant capital cultural infrastructure project in the history of the County has transformed cultural provision and programming in Dún Laoghaire-Rathdown and its environs. It has generated potential for more creative and innovative investment, participation in the Arts and greater community involvement in cultural activity.

A number of strategic documents have recently been produced to guide the direction of investment in the arts, libraries and heritage over the next few years in Dún Laoghaire-Rathdown.

Investment in cultural programming stimulates the local economy and attracts tourists to the County while also empowering the creative potential of the people who live and work in the area. Dún Laoghaire-Rathdown looks forward to working with Creative Ireland and engaging with the local community in developing the Dún Laoghaire-Rathdown Cultural plan for 2018-2022.

We will encourage everyone to partake in the Creative Ireland Programme 2017 and more widely in the other cultural events scheduled to take place in the County. Dún Laoghaire-Rathdown is well placed to encourage, promote and support citizen engagement.

Ba é tógáil LexIcon dlr an tionscadal caipitiúil ba shuntasaí ó thaobh bonneagar cultúrtha de i stair an Chontae. Bhuaigh sé dámhachtain agus rinne sé athrú ó bhonn ar sholáthar cultúrtha agus ar chlársceidealadh i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus sna dúichí mórthimpeall. Chruthaigh sé deiseanna chun infheistíocht agus rannpháirtíocht sna hEalaíona a chinntiú ar bhealach níos cruthaithí agus níos nuálaí agus chun rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíocht chultúrtha a mhéadú.

Tá roinnt cáipéisí straitéiseacha curtha ar fáil le déanaí chun treoir a thabhairt faoin chaoi ar cheart infheistíocht a dhéanamh sa chúpla bliain atá amach romhainn sna healaíona, i leabharlanna agus in oidhreacht i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Nuair a dhéantar infheistíocht i gcláir chultúrtha spreagann sé sin an geilleagar áitiúil agus meallann sé turasóirí chuig an Chontae agus ag an am céanna cumasaíonn sé acmhainn chruthaitheach na ndaoine a chónaíonn agus a oibríonn sa cheantar. Tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ag súil go mór le hoibriú i gcomhar le hÉire Ildánach agus a bheith rannpháirteach leis an bpobal áitiúil maidir le plean Cultúrtha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a fhorbairt don tréimhse 2018-2022.

Spreagfaimid gach duine páirt a ghlacadh sa Chlár Éire Ildánach 2017 agus níos forleithne sna himeachtaí cultúrtha eile a bheidh ar siúl sa Chontae. Tá sé ar chumas Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin rannpháirtíocht na saoránach a spreagadh, a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt di.



# The Creative Ireland Team in Dún Laoghaire-Rathdown

## CLÁR ÉIRE ILDÁNACH I NDÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

The Culture Team for Dún Laoghaire-Rathdown embraces colleagues working across a number of areas including arts, libraries, heritage, community, architecture and local enterprise. The Culture Team, under the Director of Economic, Community and Cultural Development will work to ensure culture is further recognised and enhanced by the Creative Ireland programme. The team will be co-ordinated by Mairead Owens, one of 31 national co-ordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. The members of the dlr Culture Team are:

Tá comhghleacaithe atá ag obair i roinnt réimsí éagsúla lena n-áirítear na healaíona, leabharlanna, oidhreacht, pobail, ailtireacht agus i bhfiontair áitiúla páirteach i bhFoireann Chultúr Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Oibreoidh an Fhoireann Cultúir, faoin Stiúrthóir um Fhorbairt Eacnamaíoch, Phobail agus Chultúrtha lena chinntiú go n-aithneofar agus go bhfeabhsófar cultúr trí bhíthin an chláir Éire Ildánach. Déanfaidh Mairead Owens comhordú ar an bhfoireann. Tá sise ar dhuine den 31 chomhordaitheoir náisiúnta a bhíonn ag obair mar fhoireann náisiúnta chun an Clár Éire Ildánach a chur ar fáil. Is iad seo a leanas na baill d'Fhoireann Cultúir dlr:

### Dearbhla Lawson

**Director of Economic, Community and Cultural Development**

Dearbhla has overseen the development of the Arts and Libraries Development Plans which were published in 2016. Dearbhla also serves as Director of Dún Laoghaire-Rathdown Leisure Services, Director of Dún Laoghaire Business Improvement District and as Co-Chairperson of the Local Community Development Committee. With the team, her aim is that the new Culture and Creativity Plan will articulate what creative and cultural identity means in Dún Laoghaire-Rathdown and find the means of developing this further to enhance quality of life and wellbeing of citizens into the future. *Email: dlawson@dlrcoco.ie*

**Stiúrthóir um Fhorbairt Eacnamaíochta, Phobail agus Chultúrtha**

Rinne Dearbhla maoirsiú ar fhorbairt Pleananna Forbartha na nEalaíon agus na Leabharlanna a foilsíodh in 2016. Tá Dearbhla ina Stiúrthóir ar Sheirbhísí Fóillíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, ina Stiúrthóir ar Cheantar Feabhsúcháin Ghnó Dhún Laoghaire agus ina Comhchathaoirleach ar an gCoiste um Fhorbairt an Phobail Áitiúil. Tá sé mar aidhm aici oibriú i gcomhar leis an bhfoireann lena cur in iúl cad a chiallaíonn féiniúlacht chruthaitheach agus cultúrtha i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus bealaí a fháil chun iad sin a fhorbairt níos mó chun folláine agus caighdeán beatha na saoránach a fheabhsú sa todhchaí. *Ríomhphost: dlawson@dlrcoco.ie*

### Mairead Owens

**County Librarian and Creative Ireland Coordinator**

Mairead was appointed County Librarian in July 2008 and has spearheaded great change in dlr libraries. In recent years, Dún Laoghaire-Rathdown invested significantly in a capital programme of regeneration for library buildings. Mairead also serves as a Director of the Pavilion Theatre and the Blackrock Education and Training Board. *Email: mowens@dlrcoco.ie*

**Leabharlannaí Contae agus Comhordaitheoir Éire Ildánach**

Ceapadh Mairead mar Leabharlannaí Contae i mí Iúil 2008 agus bhí sí ar thús cadhnaíochta maidir leis na hathruithe móra i leabharlanna dlr. Rinne Dún Laoghaire-Ráth an Dúin infheistiú suntasach le blianta beaga anuas i gclár caipitil athnuachana do na foirgnimh leabharlainne. Tá Mairead ina Stiúrthóir ar Amharclann an Pavilion agus ar Bhord Oideachais agus Oiliúna na Carraige Duibhe. *Ríomhphost: mowens@dlrcoco.ie*

## Carolyn Brown

**Assistant Arts Officer**
Carolyn Brown is an Assistant Arts Officer for Dún Laoghaire-Rathdown County Council. She works on a variety of artistic and creative projects including Mountains to Sea dlr Book Festival, the Municipal Gallery Exhibition Programme, Arts Grants and Artists' Residencies. *Email: cbrown@dlrcoco.ie*

**Oifigeach Cúnta Ealaíon**
Is í Carolyn Brown Oifigeach Cúnta Ealaíon de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Oibríonn sí ar thionscadail ealaíonta agus cruthaitheacha éagsúla lena n-áirítear Féile Leabhar dlr Mountains to Sea, Clár Taispeántas Ghailearaí na Cathrach, Deontais Ealaíon agus Cónaitheacht d'Ealaíontóirí. *Ríomhphost: cbrown@dlrcoco.ie*

## Shelley Healy

**Librarian**
Shelley is a librarian working in Dún Laoghaire-Rathdown Library Headquarters. She is involved in programming events for the eight Dún Laoghaire-Rathdown branch libraries and engaging with various community groups to encourage further use of and participation in library services.
*Email: ahealy@dlrcoco.ie*

**Oifigeach Cúnta Ealaíon**
Bíonn Shelley ag obair mar leabharlannaí i gCeanncheathrú Leabharlanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá baint aici le cláir imeachtaí a eagrú d'ocht leabharlann bhrainse Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus bíonn sí i dteagmháil le grúpaí pobail éagsúla chun iad a spreagadh chun breis úsáide a bhaint as na seirbhísí leabharlainne agus páirt a ghlacadh iontu.
*Ríomhphost: ahealy@dlrcoco.ie*

## Marian Keyes

**Senior Executive Librarian**
Marian is a Senior Executive Librarian with Dún Laoghaire-Rathdown Libraries with responsibility for dlr LexIcon and Reader Development. Marian has co-produced the annual Mountains to Sea dlr Book Festival.
*Email: mkeyes@dlrcoco.ie*

**Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach**
Tá Marian ina Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach i Leabharlanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus tá sí freagrach as LexIcon drl agus as Forbairt Léitheoirí. Bhí Marian ina comhléiritheoir ar Fhéile Leabhar bhliantúil dlr Mountains to Sea.
*Ríomhphost: mkeyes@dlrcoco.ieww*

## Joanne Maher

**Executive Architect**
Joanne is an Executive Architect in Dún Laoghaire-Rathdown Architects Department, working as part of a team to deliver a programme of energy efficient new builds, conservation and urban design projects, providing architectural services and project management for the on-going development of the built environment.
*Email: jmaher@dlrcoco.ie*

**Ailtire Feidhmiúcháin**
Tá Joanne ina hAiltire Feidhmiúcháin i Rannóg Ailtireachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Bíonn sí ag obair mar chuid d'fhoireann chun clár a chur ar fáil d'fhoirgnimh nuathógtha a bheidh éifeachtach ó thaobh fuinnimh de. Bíonn siad ag plé le tionscadail caomhnaithe agus le dearadh uirbeach freisin. Cuireann siad seirbhísí ailtireachta agus bainistithe tionscadail ar fáil le haghaidh forbairt leanúnach an chomhshaoil thógtha. *Ríomhphost: jmaher@dlrcoco.ie*



## James O'Sullivan

**Heritage Events Co-Ordinator**
James is the Heritage Events Co-Ordinator. His role within the Heritage Section of Dún Laoghaire Rathdown County Council is to manage and co-ordinate the Heritage programme. *Email: josullivan@dlrcoco.ie*

**Comhordaitheoir Imeachtaí Oidhreachta**
Tá James ina Chomhordaitheoir ar Imeachtaí Oidhreachta. Is é an ról atá aige i Rannóg Oidhreachta Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an clár Oidhreachta a bhainistiú agus comhordú a dhéanamh air. *Ríomhphost: josullivan@dlrcoco.ie*

## Héilean Rosenstock Armie

**Area Community Officer**
Héilean is the Area Community Officer for the East side of the County working with voluntary and community organisations which address equality, social inclusion, integration and community cohesion. She also assists with overseeing the community grants scheme as well as the annual volunteer and community awards.
*Email: hrarmie@dlrcoco.ie*

**Oifigeach Pobail Limistéir**
Is í Héilean an tOifigeach Pobail le haghaidh Limistéar Oirthear an Chontae. Bíonn sí ag obair le heagraíochtaí deonacha agus pobail a thugann aghaidh ar cheisteanna comhionannais, cuimsiú sóisialta, imeascadh agus comhtháthú pobail. Cuidíonn sí freisin maidir le maoirseacht a dhéanamh ar scéim deontas pobail chomh maith leis na gradaim bhliantúla d'oibrithe deonacha agus pobail.
*Ríomhphost: hrarmie@dlrcoco.ie*

## Ian Smalley

**Administrative Officer, Parks & Landscape Service**
Ian Smalley is an Administrative Officer in the Municipal Services Department and responsible for Parks Administrative Section, Cemeteries and Management of the dlr Events Programme, the eight free family fun events organised each year in the Council's Parks and Open Spaces. *Email: ismalley@dlrcoco.ie*

**Oifigeach Riaracháin, An tSeirbhís Páirceanna agus Tírdhreacha**
Tá Ian Smalley ina Oifigeach Riaracháin i Roinn na Seirbhísí Bardasacha agus tá sé freagrach as Rannóg Riaracháin Páirceanna agus Reiligí agus as Bainistiú Chlár Imeachtaí dlr, agus as na hocht n-imeacht saor in aisce um spraoi teaghlaigh a eagraítear gach bliain i bPáirceanna agus Spásanna Oscailte na Comhairle.
*Ríomhphost: ismalley@dlrcoco.ie*

## Georgina Sweetnam

**Acting Head of the Local Enterprise Office**
Georgina is Acting Head of the Local Enterprise Office in Dún Laoghaire-Rathdown which works to stimulate economic and entrepreneurial activity in the County and the development of enterprise and creative skills through initiatives such as Student Enterprise Programmes, STEAM Bootcamps and Digital skills among other projects. *Email: gsweetnam@dlrcoco.ie*

**Ceann Gníomhach na hOifige Fiontair Áitiúil**
Tá Georgina ina Ceann Gníomhach ar an Oifig Fiontair Áitiúil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a bhíonn ag obair chun gníomhaíocht eacnamaíoch agus fiontraíochta sa Chontae a spreagadh agus as forbairt scileanna fiontraíochta agus cruthaitheacha trí thionscnaimh mar Chláir Fiontair Mac Léinn, Grodchúrsaí STEAM agus scileanna Digiteacha agus tionscadail eile. *Ríomhphost: gsweetnam@dlrcoco.*

# Implementation
## CUR I BHFEIDHM

Enabling creativity in every community is a core pillar of the Creative Ireland Programme. Dún Laoghaire-Rathdown County Council marked the centenary year by activating and garnering support, involvement and participation from the local community through a rich programme of arts, cultural and heritage initiatives. The programme generally fell into the commemorative and historical categories and focussed on the local dlr connections to the 1916 Rising.

As a matter of course Dún Laoghaire-Rathdown engages and communicates with the key stakeholders in the County. In preparing this Culture and Creativity Plan for 2017 the Culture Team engaged in public consultation on the ambitions for the programme.

Regular reports, presentations and communications were given to :

- Strategic Policy Committee
- Senior Management Team
- Area Committees
- County Councillors
- Public Participation Network
- Local Community

Throughout the delivery of the plan there will be regular updates on social media and via the dlr website. Every effort will be made to promote the activities in the local media.

Colún lárnach den Chlár Éire Ildánach is ea cruthaitheacht a chumasú i ngach pobal. Rinne Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ceiliúradh ar chothrom céad bliain 1916 trí thacaíocht agus rannpháirtíocht an phobail a spreagadh agus a fháil trí chlár saibhir tionscnamh ealaíon, cultúir agus oidhreachta. Tríd is tríd bhain an clár le cúrsaí cuimhneacháin agus staire agus bhí sé dírithe ar na naisc áitiúla dlr leis an Éirí Amach.

Bíonn Dún Laoghaire-Ráth an Dúin i mbun rannpháirtíochta agus cumarsáide sa ghnáthchúrsa leis na príomhpháirtithe leasmhara sa Chontae. Nuair a bhí an Plean Cultúir agus Cruthaitheachta á ullmhú do 2017 chuaigh an Fhoireann Cultúir i mbun comhairliúcháin phoiblí faoi na huaillmhianta a bhí ag daoine don chlár.

Tugadh tuarascálacha, léirithe agus cumarsáid go rialta do:

- Liosta seachadta Chill Dara Ildánach
- Coistí Beartais Straitéisigh
- An Fhoireann Ardbhainistíochta
- Coistí Ceantair
- Comhairleoirí Contae
- Líonra Rannpháirtíochta Pobail
- An Pobal Áitiúil

Fad a bheidh an plean á chur i bhfeidhm cuirfear nuashonruithe ar fáil go rialta ar na meáin shóisialta agus ar shuíomh gréasáin dlr. Déanfar gach iarracht na gníomhaíochtaí a chur chun cinn sna meáin áitiúla.



# Projects for 2017
## TIONSCADAIL DO 2017

### CREATIVE IRELAND PROGRAMME FUNDED PROJECTS FOR 2017

**Early Years Arts Project in Community Childcare Setting**

A key objective of Creative Ireland's Pillar 1 is that by 2022 every child in Ireland will have access to tuition and participation in art, music, drama and coding.

DLR recognises the importance of life-long learning and the positive impact that early intervention has in addressing education equality. With support from the Dún Laoghaire-Rathdown County Childcare Committee the Arts Office has developed commissions that allow artists, early years children and educators time and space to research, develop and perform brand-new artistic and interactive experiences for pre-school children.

This project will be based in one of the community child-care settings ensuring that early years children have access to quality arts activity in their local area in 2017.

### TIONSCADAIL CHISTITHE FAOI CHLÁR ÉIRE ILDÁNACH DON BHLIAIN 2017

**Tionscadal Ealaíon do Leanaí Luathbhlianta in ionaid Cúram do Leanaí Luathbhlianta**

Ceann de na príomhchuspóirí a bhaineann le Colún 1 d'Éire Ildánach is ea go mbeidh rochtain ag gach leanbh in Éirinn ar theasc agus ar rannpháirtíocht san ealaín, ceol, drámaíocht agus códú roimh 2022.

Aithníonn dlr an tábhacht a bhaineann le foghlaim ar feadh an tsaoil agus an dea-thionchar atá ag idirghabháil luath chun aghaidh a thabhairt ar chomhionannas oideachais. Le tacaíocht ó Choiste Chúram Leanaí Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin d'fhorbair an Oifig Ealaíon coimisiúin a thugann an t-am agus an spás d'ealaíontóirí agus d'oidechasóirí leanaí luathbhlianta chun taighde a dhéanamh ar eispéiris agus ar idirghníomhaíocht úrscothach ealaíne do pháistí réamhscoile agus iad a fhorbairt agus chur i láthair.

Cuirfear an tionscadal seo i gcrích i gceann de na hionaid um chúram leanaí pobail rud a chinnteoidh go mbeidh rochtain ag leanaí luathbhlianta ar ghníomhaíocht ardchaighdeáin ealaíne ina gceantar áitiúil in 2017.

**UCD Festival's Poetry Programme**
10 June 2017
UCD Festival celebrates the thinkers, creators, educators, innovators and fun makers. It offers a free programme of diverse cultural events, with something for all ages to enjoy. From live interactive experiments, in-depth talks, campus tours, musical performances, workshops, mindfulness and wellbeing. Poetry and Music is a two-hour event which includes a suite of performances that will showcase poetry at the UCD Festival. Headline poets, academics, students and children will perform their poetry (both English and Irish) in the James Joyce Library. Children and young alumni are invited to take part by posting poems on the 'Poetry Wall'. The poetry space will be filmed.

**dlr LexIcon Family Day**
24 June 2017
Family Day will launch Summer Stars reading programme in dlr LexIcon, a nationwide programme that encourages children to read over the summer months. The day will run from 10.30am-4.00pm, there will be events running throughout dlr LexIcon with some taking place outdoors in Moran Park, weather permitting. Over the course of the day attendance is expected to exceed 2,500.

**Clár Filíochta Fhéile an Choláiste Ollscoile**
10 Meitheamh 2017
Déantar ceiliúradh ag Féile COBÁC ar smaointeoirí, cruthaitheoirí, oideachasóirí, nuálaithe agus lucht spraoi. Cuireann sé clár saor in aisce ar fáil d'imeachtaí cultúrtha éagsúla, agus beidh rud éigin ann a mbeidh daoine de gach aois in ann taitneamh a bhaint as. Beidh turgnaimh idirghníomhacha bheo ann mar aon le cainteanna doimhne, turais an champais, léirithe ceoil, ceardlanna, aireachas agus folláine. Imeacht dhá uair an chloig a bheidh sa chur i láthair Filíochta agus Ceoil lena n-áirítear sraith ina gcuirfear filíocht i láthair ag Féile COBÁC. Déanfaidh filí mór le rá, acadóirí, mic léinn agus leanaí a gcuid filíochta a chur i láthair (i mBéarla agus i nGaeilge) i Leabharlann James Joyce. Tugtar cuireadh do leanaí agus d'alumni óga páirt a ghlacadh trí dhánta a chur in airde ar "Bhalla na Filíocht". Déanfar ionad na filíochta a scannánú an lá sin.

**Lá na dTeaghlach i LexIcon dlr**
24 Meitheamh 2017
Cuirfear tús le Réaltaí an tSamhraidh i rith Lá na dTeaghlach i LexIcon dlr. Clár náisiúnta is ea é sin a spreagann leanaí le bheith ag léamh le linn mhíonna an tsamhraidh. Beidh imeachtaí an lae á reáchtáil ó 10.30 am go 4.00 pm in áiteanna éagsúla ar fud LexIcon dlr agus beidh cuid acu á reáchtáil amuigh faoin aer i bPáirc Uí Mhóráin má bhíonn an lá go breá. Táthar ag súil go mbeidh níos mó ná 2,500 duine i láthair i gcaitheamh an lae.



Facilitators will come from a range of creative disciplines, activities will be provided for all ages, including some intergenerational events. Family Day will feature a performance from Street Theatre Ireland, a Big Dig (a simulated and controlled archaeology project), allowing children to explore the Viking world, yoga storytelling, art workshops, storytelling and LEGO workshops.

**Every Brilliant Thing, Pavilion Theatre**
The Pavilion Theatre will welcome back this touching and memorable show for eight performances of 'Every Brilliant Thing' in July 2017. It showcased in the Dublin Theatre Festival 2016. This world-wide smash hit is a play about depression and the lengths we will go to for those we love. It is based on true and untrue stories.

**James and the Giant Peach, dlr Mill Theatre**
The dlr Mill Theatre will stage 26 performances of Roald Dahl's 'James and the Giant Peach' produced by MILL Productions. Fringe events will include: Roald Dahl workshops and readings, face painting, illustrations and jugglers. The event promises enjoyment and participation for all the family.

Beidh éascaitheoirí ann ó réimse disciplíní cruthaitheacha, cuirfear gníomhaíochtaí ar fáil a oirfidh do dhaoine de gach aois, lena n-áirítear roinnt imeachtaí idirghlúine. Cuirfidh Street Theatre Ireland taispeántas ar siúl ar Lá na dTeaghlach. Beidh Tochailt Mhór ann ina ndéanfar tionscadal insamhlaithe rialaithe seandálaíochta a chuirfidh ar chumas leanaí seansaol na Lochlannach a iniúchadh. Lena chois sin beidh ceardlanna ióga, scéalaíochta, ealaíne agus LEGO ar siúl.

**Every Brilliant Thing, Amharclann Pavilion**
Cuirfidh Amharclann Pavilion fáilte ar ais roimh an seó seo a bhogfaidh do chroí agus nach furasta dearmad a dhéanamh air. Déanfar ocht léiriú ar 'Every Brilliant Thing' i mí Iúil 2017. Léiríodh é ag Féile Drámaíochta Bhaile Átha Cliath in 2016. Dráma mór-ráchairte ar fud an domhain is ea an dráma seo faoi dhúlagar agus na rudaí go léir a dhéanaimid ar mhaithe leo siúd a dtugaimid grá dóibh. Tá sé bunaithe ar scéalta fíora agus ar scéalta bréagacha.

**James and the Giant Peach, Amharclann an Mhuilinn dlr**
Déanfaidh MILL Productions 26 léiriú ar 'James and the Giant Peach' le Roald Dahl in Amharclann an Mhuilinn dlr. I measc na n-imeachtaí imeallacha beidh: Ceardlanna agus léitheoireacht Roald Dahl, péinteáil aghaidheanna, léaráidí agus lámhchleasaithe. Gealltar go mbainfidh an teaghlach taitneamh as an lá agus go bhféadfaidh siad go léir a bheith rannpháirteach.

**When Beckett met Binchy**
This performance will explore an interview that Maeve Binchy did with Samuel Beckett for The Irish Times in 1980, called: "When Beckett met Binchy". The interview will be turned into a theatrical presentation and staged at Dalkey Castle & Heritage Centre. It is expected that this will lead to a stimulating debate on whether it is a good idea, or not, for the writer to direct his/her own work?

**Craft and Design Pop-up Shop**
During November and December 2017, Dún Laoghaire-Rathdown Enterprise will organise a temporary pop-up-shop focussing on quality craft and design products which are made locally. Investing in cultural activity and programming stimulates the local economy, assists and empowers the producers and attracts visitors to the area.

**Dún Laoghaire Harbour Bicentenary Literary Event. 2017**
To celebrate Dún Laoghaire Harbour's Bicentenary there will be a literary evening featuring some of the many writers resident in the area. The event will host a stellar cast of renowned and celebrated authors and writers. The audience will have a chance to engage with the discussion.

**When Beckett met Binchy**
Déanfar cíoradh sa taispeántas ar agallamh a chuir Maeve Binchy ar Samuel Beckett don Irish Times in 1980. "When Beckett met Binchy" an t-ainm atá air. Déanfar léiriú amharclainne den agallamh agus cuirfear i láthair é ag Caisleán & Ionad Oidhreachta Dheilginse. Táthar ag súil go spreagfaidh sé sin díospóireacht bhríomhar faoi cibé an plean maith nó drochphlean é go léireodh scríbhneoir a chuid/cuid oibre féin.

**Siopa Sealadach Ceardaíochta agus Deartha**
Ba í Oifig Fiontair Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chuir tús leis an Siopa seo agus a thacaigh leis. Eagróidh Oifig Fiontair Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin siopa sealadach i mí na Samhna agus mí na Nollag 2017 ina ndíreofar ar tháirgí ardchaighdeáin ceardaíochta agus deartha a dhéantar go háitiúil. Nuair a dhéantar infheistíocht i ngníomhaíocht chultúrtha agus i gcláreagrú spreagtar an geilleagar áitiúil, cuidítear le táirgeoirí agus cumasaítear iad agus mealltar cuairteoirí go dtí an ceantar.

**Imeacht Liteartha cothrom dhá chéad bliain Chuan Dhún Laoghaire, 2017**
Chun ceiliúradh a dhéanamh Dhá Chéad Bliain Chuan Dhún Laoghaire beidh oíche liteartha ar siúil a mbeidh baint aici le cuid den iliomad scríbhneoirí atá ina gcónaí sa cheantar. Déanfar óstáil ar údair agus ar scríbhneoirí aitheanta, mór le rá le linn na hócáide. Beidh deis an lucht éisteachta páirt a ghlacadh sa díospóireacht.

**Making thoughtful spaces to bring people together, 2017**
A vibrant temporary installation in the County, Dún Laoghaire-Rathdown's Architects Department will have a touring 'meet seat'. The 'meet seat' design concept is a vibrant temporary installation that will move around a number of locations in the County. It will create both a physical and psychological engagement between young and old, provide awareness of the surrounding space and a place for conversation.

**Street Feast documentary photography exhibition, 2017**
Street Feast will take place across Ireland on 11 June this year. The aim is for communities and neighbours to come together for a street summer picnic, bringing young and old together as well as new communities. It is expected that up to 60 "feasts" will take place across Dún Laoghaire-Rathdown. It is a great example of community spirit and social inclusion. IADT photography students will document these neighbourhood street parties and a documentary photography exhibition will be displayed as part of Social Inclusion Week in Autumn 2017.

**Making thoughtful spaces to bring people together, 2017**
Cuirfidh Roinn Ailtirí Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 'suíochán freastail' ar chamchuairt. Is éard atá sa 'suíochán freastail' ná suiteáil sealadach bríomhar a bhogfar go roinnt áiteanna ar fud an Chontae. Cruthóidh sé rannpháirtíocht fhisiceach agus shíceolaíoch araon idir dhaoine óga agus aosta, spreagfaidh feasacht faoin spás mórthimpeall agus cuirfidh áit ar fáil chun comhrá a dhéanamh.

**Taispeántas grianghrafadóireachta faisnéise Féasta Sráide, 2017**
Beidh an Feasta Sráide ar siúl ar fud na hÉireann ar an 11 Meitheamh i mbliana. Is é aidhm na bhféastaí go dtiocfaidh pobail agus comharsana le chéile le haghaidh picnicí sráide samhraidh, agus go mbuailfidh óg agus aosta le chéile chomh maith le pobail nua. Táthar ag súil go mbeidh suas le 60 féasta ar siúl ar fud Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Sampla iontach is ea é de spiorad pobail agus de chuimsiú sóisialta. Déanfaidh mic léinn grianghrafadóireacht ó Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire doiciméadú ar na cóisirí comharsanachta sráide agus déanfar taispeántas grianghrafadóireachta faisnéise a chur ar fáil mar chuid den tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta i bhFómhar na bliana 2017.

# Promotional Events 2017
## IMEACHTAÍ POIBLÍOCHTA 2017

**dlr LexIcon Municipal Gallery exhibitions**

**SurprEYES:**
Works from the collection of the Arts Council, May-July 2017.

**Topography of the Elsewhere:**
New Work by Aideen Barry, September-November 2017.

**Arrival:**
Dún Laoghaire-Rathdown Open Submission, December 2017.

**Spring into Heritage Programme**
A series of free guided tours hosted by Dún Laoghaire-Rathdown's Heritage Office. The tours are suitable for schools, students, families, historic groups and individuals interested in local history.

**Dún Laoghaire-Rathdown Libraries Bealtaine Programme**
(to tie in with Age & Opportunity Festival, May 2017) Ireland's national celebration of the arts and creativity.

**Taispeántais sa Ghailearaí Cathrach i LexIcon dlr**

**SurprEYES:**
Saothair ó bhailiúchán na Comhairle Ealaíon, Bealtaine - Iúil 2017.

**Topography of the Elsewhere:**
Saothair Nua le hAideen Barry, Meán Fómhair - Samhain 2017.

**Arrival:**
arratas Oscailte Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Nollaig 2017.

**Clár Spring into Heritage**
Sraith thuras treoraithe saor in aisce á n-óstáil ag Oifig Oidhreachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Beidh na turais oiriúnach do scoileanna, do mhic léinn, do theaghlaigh, do ghrúpaí staire agus do dhaoine ar spéis leo stair áitiúil.

**Clár Mhí na Bealtaine Leabharlanna Dún Laoghaire-Ráth an Dúin**
(a bheidh nasctha leis an bhFéile Aostacht & Deiseanna, Bealtaine 2017) - ceiliúradh náisiúnta na hÉireann ar na healaíona agus ar chruthaitheacht.

**Dún Laoghaire-Rathdown Libraries' Summer Stars Reading initiative**
A free programme, open to all children to encourage reading during the Summer. Fun rewards will be provided along the way. To celebrate completion of the programme, all children who have participated will be invited to attend the awards event.

**Summer of Heritage Programme**
A series of free guided tours hosted by Dún Laoghaire-Rathdown's Heritage Office. The tours are suitable for schools, students, families, historic groups and individuals interested in local history.

**Teddy Bears' Picnic**
dlr Events invites young and old alike to bring their bears and blankets to the Teddy Bears' Picnic in Blackrock Park, you're sure of a big surprise! This annual celebration of the Teddy Bear for all the family will feature a free bear care and check-ups with minor repairs to give ailing Teddy Bears a new lease of life. There will also be a DJ, face painting, bouncy castles and inflatable games for all ages, entertainment on the Lake Stage, a "make & do" area and, of course, picnic facilities with goodies galore.

**Tionscnamh Léitheoireachta, Réaltaí an tSamhraidh de chuid Leabharlanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin**
Clár saor in aisce, ar oscailt do gach leanbh chun léitheoireacht a spreagadh i rith an tSamhraidh. Cuirfear duaiseanna spraoi ar fáil mar luach saothair ar feadh na slí. Le ceiliúradh a dhéanamh ar chríochnú an chláir, tabharfar cuireadh do gach leanbh a ghlac páirt teacht go hócáid na ndámhachtainí.

**Cláir Oidhreachta an tSamhraidh**
Sraith turas treoraithe saor in aisce á n-óstáil ag Oifig Oidhreachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Beidh na turais oiriúnach do scoileanna, do mhic léinn, do theaghlaigh, do ghrúpaí staire agus do dhaoine ar spéis leo stair áitiúil.

**Picnic na mBéiríní Bréige**
Tugann Imeachtaí dlr cuireadh do gach aon duine idir óg agus aosta a gcuid béiríní agus blaincéid a thabhairt leo go Picnic na mBéiríní Bréige i bPáirc na Carraige Duibhe. Bí cinnte de go mbeidh iontas mór i ndán duit!
Mar chuid de cheiliúradh bliantúil na mBéiríní Bréige don teaghlach go léir déanfar seiceáil saor in aisce ar na Béiríní agus déanfar iad a dheisiú más gá chun go mbeidh Béiríní breoite i mbláth na sláinte arís. Beidh ceirneoir ann ag seinm ceirníní, péinteálfar aghaidheanna, beidh preabchaisleáin ann agus cluichí inséidte do dhaoine de gach aois. Cuirfear siamsaíocht ar fáil ar stáitse an Locha, beidh limistéar "cruthaigh agus déan ann» agus, ar ndóigh, beidh áiseanna picnice ann mar aon le sólaistí go leor.

**Cabinteely Carnival, Cabinteely Park**
Free family fun day, featuring circus performers, activities and a chance for you to learn some circus skills including juggling, uni-cycling, plate spinning and stilt walking. There will also be carnival rides, bouncy castles, lawn games, face-painting and lots more.

**Samhain Haunted Forest Walk**
dlr Events presents Samhain Halloween in Marlay Park, a free fright fest of spooky thrills and chills. The spooktacular Haunted Forest will be filled with spooky characters, scary noises, eerie fog and strange sights to behold. Children of all ages are welcome to partake in the festivities with ghosts, ghouls and games galore!

**Children's Book Festival, October 2017**
dlr Libraries celebrate the annual Children's Book Festival which is co-ordinated by Children's Books Ireland. The festival is a nationwide celebration of children's books and reading, held every year during the month of October. The festival will feature authors, illustrators, storytellers and performers visiting local libraries.

**Carnabhal Chábán tSíle, Páirc Chábán tSíle**
Lá spraoi saor in aisce a bheidh ann don teaghlach. Beidh taibheoirí sorcais ann, gníomhaíochtaí go leor agus seans chun roinnt scileanna sorcais a fhoghlaim, lena n-áirítear lámhchleasaíocht, rothaíocht ar rothar aon rotha, casadh plátaí agus siúl ar chosa croise. Beidh marcaíocht charnabhail ann freisin, preabchaisleáin, cluichí faiche, péinteáil aghaidheanna agus go leor, leor eile.

**Siúlóid Samhna i bhForaois na dTaibhsí, Páirc Mharlaí, Fómhar 2017**
Cuireann Imeachtaí dlr Oíche Shamhna i bPáirc Mharlaí i láthair, féile scanrúil lán de sceimhleacha taibhsiúla. Beidh foraois na dtaibhsí lán de charachtair scáfara, d'fhuaimeanna scanrúla, de cheo scáfar agus beidh nithe aisteacha le feiceáil. Cuirtear fáilte roimh leanaí de gach aois páirt a ghlacadh in imeachtaí na féile agus beidh taibhsí, gúil agus cluichí go leor ann!

**Féile Leabhar do Leanaí, Deireadh Fómhair 2017**
Déanann Leabharlanna dlr cheiliúradh ar Fhéile bhliantúil Leabhar na Leanaí atá á chomhordú ag Leabhair Pháistí Éireann. Is éard atá sa bhféile ná ceiliúradh ar fud na tíre ar leabhair agus ar léitheoireacht na bpáistí a bhíonn ar siúl gach bliain i mí Dheireadh Fómhair. Tabharfaidh údair, maisitheoirí, scéalaithe agus taibheoirí cuairt ar leabharlanna áitiúla mar chuid den fhéile.



**Open House Dublin**
Open House is an annual weekend of free architecture tours and workshops throughout the County. Through an extensive programme of talks, tours and exhibitions, the goal is to highlight the buildings of Dublin that have altered our vision of the city over time, shaped how we live and inspire new ways of living in the future.

**Dlr LexIcon Lab events**
Coding, 3D printing, maker evenings, programming with Raspberry Pi and Arduino for children and adults. The dlr LexIcon Lab was established in 2015 to stimulate a maker and coding ethos in dlr Libraries and within a collaborative learning environment. Strong links have been nurtured with local schools and library users; through talks, maker evenings and workshops. dlr Libraries is committed to delivering innovative and creative programming which is responsive to local community needs.

**Dún Laoghaire-Rathdown Architects' Department projects, 2017:**

**Picture Perfect:**
Locating opportunities from where to experience the natural and built environment

**Dún Laoghaire Creative Seating:**
A new initiative for seating in Central Dún Laoghaire

**Sandyford Design Competition:**
Design of three spaces under an RIAI competition reflecting Sandyford changing environment, 2017.

**Teach Oscailte Bhaile Átha Cliath,**
Is éard atá sa Teach Oscailte ná deireadh seachtaine bliantúil de cheardlanna agus de thurais ailtireachta saor in aisce ar fud an Chontae. Beidh clár fairsing cainteanna, turais agus taispeántais ann, a mbeidh sé d'aidhm acu aird a tharraingt ar na foirgnimh i mBaile Átha Cliath a d'athraigh an tuiscint atá againn ar an gcathair le himeacht ama, a mhúnlaigh an chaoi a maireann muid agus a spreagann bealaí nua le maireachtáil sa todhchaí.

**Imeachtaí LexIcon Lab dlr**
Códú, priontáil 3D, tráthnónta déantúsaíochta, cláreagrú le Raspberry, Pi agus Arduino do pháistí agus do dhaoine fásta.Bunaíodh LexIcon Lab dlr in 2015 chun éiteas déantóra agus códaithe a spreagadh i leabharlanna dlr agus é sin a dhéanamh i dtimpeallacht chomhoibritheach foghlama. Cothaíodh naisc láidre le scoileanna áitiúla agus le lucht úsáidte na leabharlanna; trí chainteanna, oícheanta déantóra agus ceardlanna. Tá Leabharlanna dlr tiomanta do chláir nuálacha agus cruthaitheacha a chur ar fáil mar fhreagra ar riachtanais an phobail áitiúil.

**Tionscadail Roinn Ailtirí Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, 2017:**

**Picture Perfect:**
Áiteanna a aimsiú óna bhféadfar breathnú ar an timpeallacht nádúrtha agus thógtha, 2017.

**Suíocháin Chruthaitheacha Dhún Laoghaire:**
Tionscnamh nua maidir le suíocháin i Lár Dhún Laoghaire, 2017.

**Comórtas Dearaidh Áth an Ghainimh:**
Trí spás a dhearadh mar chuid de chomórtas Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann ina léireofar timpeallacht Áth an Ghainimh atá ag athrú, 2017.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland*
*Programme*
2017–2022

Comhairle Contae County Council